

Preaseisiúint ó FRA

Vín, 24 Meitheamh 2020

Tá go leor Eorpach den tuairim gur féidir le cearta an duine sochaí níos cothroime a thógáil, ach go bhfuil dúshlán ann fós

Tá muinín ag formhór na ndaoine i gcearta an duine chun sochaithe níos cothroime a chruthú, de réir thorthaí ó shuirbhé ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA). Mar sin féin, má bhíonn tú ag streachailt leis an saol, má tá tú óg nó má tá tú leochaileach, is minic a mheasann tú nach bhfuil cearta an duine duitse. Léirítear i Suirbhé FRA ar Chearta Bunúsacha go bhfuil scoilteanna soiléire ann ar fud sochaithe san Eoraip. Leagtar béim ann gur gá do rialtais muintir na hEorpa a nascadh an athuair lena gcearta an duine chun a áirithiú go mbainfidh gach duine tairbhe astu.

"Is cúis imní é líon na nEorpach óg nó iad siúd atá ag streachailt leis an saol a bhraitheann go bhfuil siad tréigthe ag cearta an duine. Tá cearta an duine ann do gach duine agus níor chóir go mbraithfeadh duine ar bith go bhfuil siad fágtha ar lár," a deir Stiúrthóir FRA [Michael O'Flaherty](#). "I bhfianaise líon na ndaoine a bhfuil díomá orthu mar gheall ar éilliú agus ar an gcaoi a n-oibríonn ár sochaí dhaonlathach, ba chóir do thíortha AE gníomhú ina leith sin. Tá dualgas orainn go léir a áirithiú go dtugann cearta an duine tairbhí nithiúla do gach duine, is cuma cé thú."

Léirítear sa tuarascail [‘What do fundamental rights mean for people in the EU?’](#) go measann 88% de dhaoine san AE go gcabhraíonn cearta an duine le sochaithe níos cothroime a chruthú. Ach is beag cúis atá ann bheith réchúiseach. Ardaíonn torthaí an tsuirbhé saincheisteanna tábhachtacha freisin nach mór aghaidh a thabhairt orthu. Ina measc siúd ná:

- **Tairbhí:** Measann 44% de dhaoine a bhíonn ag streachailt ó thaobh airgid de go bhfuil tairbhí á mbaint as cearta an duine ach amháin ag na daoine siad nach dtuilleann na tairbhí, amhail coirpigh agus sceimhlitheoirí. Léirítear sna torthaí conas a laghdaíonn srianta airgeadais agus leibhéal oideachais níos ísle an muinín atá ag daoine i gcomhionannas agus i gcearta an duine. I bhfianaise an méid sin, ba chóir do rialtais agus do chomhlachtaí um chearta an duine iarrachtaí fadréimseacha a dhéanamh chun a áirithiú go dtagann fíorthairbhí chuig gach duine as cearta bunúsacha.
- **Muinín agus rannpháirtíocht sa pholaitíocht:** Measann formhór na nEorpach (60%) gur cuma le páirtithe príomhshrutha agus le polaiteoirí ina dtaobh. Ardaíonn sé seo go 73% i dtuairim na ndaoine sin atá ag streachailt leis an saol. Mar chomparáid, níl ach 45% díobh siúd a choinníonn greim faoin bhfiacail go héasca den tuairim seo. Ní mór don AE agus do na Ballstáit bealaí nua a aimsiú chun teagmháil a dhéanamh leo siúd a mheasann go bhfuil siad ‘fágtha ar lár’, lena n-áirítear daoine óga go háirithe, chun go mbeidh siad rannpháirteach sa chinnteoireacht agus chun a gcuid riachtanas a mheas.
- **Neamhspleáchas breithiúnach:** Measann 27% de na freagróirí nach bhfuil breithiúna saor ó thionchar an rialtais. Ba chóir do rialtais muinín an phobail as na breithiúna a fheabhsú trí neamhspleáchas na mbreithiúna a chosaint. Ós rud é go bhfuil difríochtaí móra náisiúnta ann, is féidir le tíortha foghlaim óna chéile chun an scéal a fheabhsú
- **Éilliú:** Measann níos mó ná 60% de dhaoine i roinnt tíortha go bhfuil nós coitianta ag daoine fabhair a thairiscint chun rochtain ar chúram sláinte a bhrostú. Ba chóir do rialtais neamhfhulaingt ghlan a ghlacadh maidir le héilliú de thairbhe go laghdaíonn sé muinín an phobail. Baineann sé sin freisin le cainéil oscailte chun éilliú a thuairisciú gan bhac agus cistí AE a choinneáil siar i gcásanna ina bhfuil amhras faoi éilliú.

Baintear leas sna torthaí as freagairtí ar [Shuirbhé FRA ar Chearta Bunúsacha](#) ó 35 000 duine ar fud Bhallstáit uile AE, na Macadóine Thuaidh agus na Ríochta Aontaithe. Bhí an suirbhé ar siúl ó Eanáir go dtí Deireadh Fómhair 2019.

Cuirfidh FRA an tuarascáil i láthair ag an gcomhdháil ar líne '[Human rights in the new normal](#)' ar an 24 agus 25 Meitheamh.

Tá sé ar cheann de shraith de thuarascálacha téamacha ina ndéantar staidéar ar thuairimí agus ar eispéiris dhaoine maidir le cearta bunúsacha.

Le tuilleadh faisnéise a fháil, téigh i dteagmháil le do thoil le: media@fra.europa.eu
/ Teil.: +43 1 580 30 653